

Forógra do Ghlúin Nua

A Mhná na hÉireann agus a Fheara na hÉireann ó thaobh fola de agus ó thaobh saorántachta de: ba chóir dúinn-ne, muintir na hÉireann, a bheith fíor uaibhreach as ár dtír agus aitheantas a thabhairt don aistear achrannach a rinneamar chun an stádas seo a shroichint. Deimhníonn Poblacht na hÉireann saoirse creidimh, cearta daonna, agus cothromaíocht deiseanna do gach saoránach is cuma treoshuíomh gnéis, inscine, aois, ciníochas, sínsear nó aicme.

Ba chóir dúinn iontas a dhéanamh dár saoirse, dár gcoimhlint fhada chun neamhspleáchais, go síochanta nó go fóiréigeanach a aithint. Caithfear cuimhneamh i gcónaí orthu siúd a fuair bás, dá dheoin féin nó dá ainneoin féin, sa choimhlint fhadálach seo. Mhúnlaigh ár stair an dearcadh atá againn-ne inniu. Glacaimíd-ne páirt in Éirinn an lae inniu leis na nua chultúir agus leis an nua idé-eolaíocht. An nasc atá eadrainn ná an fonn ocrach atá ionainn don ionannas náisiúnta seo. Oibreimid, muintir na hÉireann, go socair sásta le chéile mar aonad, chun tógáil a dhéanamh le chéile ar Fhorógra 1916.

Ní ghá teacht ar an saol in Éirinn chun aitheantas a fháil mar Éireannach. Má roghnaíonn tú cónaí in ár náisiún iontach agus má ghlacann tú le cultúr agus dlíthe na tíre is Éireannach tú. É sin ráite, glactar go fonnmhar le cúnaimh ó na cultúir éagsúla ón iasacht. Tá sé tabhachtach go gcoimeádfaimis achmhainní na tíre seo do na glúinte atá le teacht. Ghlac cúlra talamhaíochta na hÉireann páirt mhór i bhforbairt an náisiúin ársa seo. Is cuid den bhfód dúchais sinn agus fillfimid ar an bhfód sa todhchaí.

Ar a shon sin tá dualgas orainn go léir, fiú sinn-ne atá ag feidhmiú i bpostanna poiblí nó i bpostanna príobháideacha, aire a thabhairt do na daoine is leochaillí in ár sochaí: na daoine óga, na daoine mí-shláintiúla, na bochtáin, na daoine gan dídean agus na daoine míchumasacha. Céad bliain ar aghaidh agus táimid fós ag saothrú chun na páistí leochaileacha a chaomhnú. In uair na cinniúna seo, ní foláir do náisiún na hÉireann é féin a chruthú go creidiúnach don chinniúint urramach atá i ndán dó.